Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2019

Ealaín agus Dearadh

Aonad Measúnaithe AS 2

ag measúnú

Freagairt Phearsanta

[SAR21]

Ar fáil ar líne ó Lúnasa 2018 d'Aonad AS 1: Punann Thurgnamhach

AG TOSÚ AR 1 FEABHRA 2019

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Ba chóir go mbeadh an obair seo comhlánaithe tuairim is seachtain amháin sula gcuirfear na marcanna chuig CCEA.
Is é **60** an marc iomlán don pháipéar seo.
Moltar d'iarrthóirí an páipéar ar fad a léamh roimh obair ar bith a thosú.
Is féidir treoir ar mhaoirseacht, ar thacaíocht agus ar fhíordheimhneacht a fháil ach í a iarraidh nó is féidir í a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CCEA ag www.ccea.org.uk

OBAIR ULLMHÚCHÁIN

Ní mór duit obair ullmhúcháin a chur ar fáil mar thacaíocht leis an toradh ar do Fhreagairt Phearsanta.
Níl aon srianta leis an am nó an áit ar féidir tabhairt faoin obair ullmhúcháin.
Ní mór don obair ullmhúcháin **uilig** a bheith fíordheimhnithe ag do mhúinteoir.

AN FHREAGAIRT DEIRIDH

Tosaíonn an tréimhse scrúdúcháin don fhreagairt deiridh ar 1 Feabhra i mbliain an scrúdaithe. Ba chóir an páipéar spreagthach a úsáid mar thúsphointe don Phunann Thurgnamhach in Aonad 1, ón Mheán Fómhair roimh bhliain an scrúdaithe. Caithfear an fhreagairt deiridh a chomhlánú taobh istigh den lárionad agus is féidir í a thosú am ar bith le linn na tréimhse scrúdúcháin. Ní mór di a bheith fíordheimhnithe ag do mhúinteoir. Cuirfidh an lárionad deich n-uair an chloig d'am feitheoireachta ar fáil le maoirseacht a dhéanamh ar chomhlánú deiridh an tsaothair. Ba chóir an obair ullmhúcháin agus an fhreagairt deiridh a thabhairt do do mhúinteoir le go mbeidh measúnú déanta uirthi agus modhnóireacht ina dhiaidh sin ag modhnóir de chuid CCEA.

Treoracha d'iarrthóirí

AS 2, **An Fhreagairt Phearsanta**, is páipéar spreagthach é atá socraithe go seachtrach a chuirfidh pointí tosaigh molta ar fáil a thagann amach as téama socraithe a bhíonn eisithe ag CCEA ag tús an chúrsa AS.

Is féidir tabhairt faoin téama trí cheann ar bith de na speisialtóireachtaí GCE Ealaín agus Dearadh seo a leanas:
- Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar;
- Grianghrafadóireacht agus Meáin Lionsa-Bhunaithe;
- Dearadh Tríthoiseach; nó
- Teicstílí.

Critéir Mheasúnaithe
Agus do chuid oibre á marcáil, bainfear úsáid as na cuspóirí measúnaithe seo a leanas:

CM1 **Eolas agus Tuiscint:** Smaointe a fhorbairt trí imscrúduithe marthanacha agus fócasaithe a dhéanamh a bheidh bunaithe ar fhoinsí comhthéacsúla agus eile, ag léiriú tuiscint atá anailíseach agus criticiúil.

CM2 **Próiseas cruthaitheach:** Acmhainní, meáin, ábhair, teicnící agus próisis chuí a fhiosrú agus a roghnú, agus smaointe a athbhreithniú agus a bheachtú de réir mar a fhorbraíonn obair.

CM3 **Scileanna:** Smaointe, breathnuithe agus aon léargas atá ábhartha do chuspóirí a thaifeadadh, agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar obair agus dul chun cinn.

CM4 **Toradh:** Freagairt phearsanta bhríoch a chur i láthair a chuireann cuspóirí i gcrích agus, an áit ar cuí é, a dhéanann ceangail idir eilimintí amhairc agus eile.

Anseo thíos tá leithdháileadh céatadánach na marcanna don aonad seo:
- CM1 16.67% [10 marc]
- CM2 16.67% [10 marc]
- CM3 16.67% [10 marc]
- CM4 50% [30 marc]

Ba chóir duit an páipéar ar fad a léamh.

Moltar duit tosú ar smaointe a fhiosrú don téama seo le linn Aonad 1, an Phunann Thurgnamhach, ionas go mbeidh tú ábalta tarraingt ar d'obair agus d'fhorbairt thurgnamhach in Aonad 1 le toradh a tháirgeadh le linn Aonad 2, an Fhreagairt Phearsanta.

Is féidir go bhfaighidh tú inspioráid ó smaointe, ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí atá luaite fud fad an pháipéir, ach táthar ag dúil le go ndéanfaidh tú smaointe a fhiosrú agus obair a tháirgeadh go príomha i meáin agus i ndisciplíní a bhaineann le do speisialtóireacht roghnaithe féin. San Ealaíon, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar, cuimsíonn seo na disciplíní ar fad.

Tabharfaidh do mhúinteoir treoracha cruinne duit ar chomhlánú agus ar mheasúnú do chuid obair ullmhúcháin agus na socruithe atá déanta do na seisiúin tástála rialaithe agat.

Staidéar Ullmhúcháin
Ní mór duit do Léiriú Intinne, d'obair ullmhúcháin, do thoradh/thorthaí deiridh, agus do luacháil scríofa a chur i láthair le haghaidh measúnú. D'obair ullmhúcháin, ní mór di tacú le táirgeadh an toraidh deiridh agus is féidir léi bheith i bhfoirm leabhar oibre, leabhair sceitseála, leathanaigh scaoilte, nó aon mheán cuí traidisiúnta nó digiteach eile atá déthoiseach nó tríthoiseach. Ba chóir í a chur i láthair leis an toradh leis na critéir mheasúnaithe uilig atá liostaithe a chomhlíonadh.

Ní mór gur leat féin í an obair uilig a chuirtear i láthair don scrúdú seo.

Treoir

Ba chóir duit:

- **Léiriú Intinne** a tháirgeadh, nach bhfuil níos mó ná 300 focal ann, ina dtugtar breac-chuntas ar an dóigh a bhfuil sé ar intinn agat na smaointe seo a fhorbairt i dtreo toraidh. Níor chóir dó seo do phróiseas cruthaitheach a theorannú agus is féidir leis na cuspóirí agat athrú de réir mar a théann do chuid oibre ar aghaidh. Is féidir leat é seo a léiriú sa luacháil agat.
- An obair ullmhúcháin agat a fhorbairt agus a chur i láthair. Is féidir go gcuimseoidh sé líníochtaí, pictiúir phéinteáilte, colláisí, grianghrafadóireacht, leathanaigh dearaidh, samplaí, maquettes, nó fréamhshamhlacha atá ábhartha don speisialtóireacht agat, i meáin thraidisiúnta nó dhigiteacha
- Tuiscint a léiriú ar na heilimintí foirmiúla agus na prionsabail dearaidh a bhaineann le healaín, ceardaíocht agus dearadh.
- Tuiscint chomhthéacsúil a léiriú ar obair cleachtóirí eile agus ar an speisialtóireacht a roghnaigh tú féin.
- Meáin, ábhair nó teicnící cuí a roghnú atá fóirsteanach le do thoradh a tháirgeadh.
- Do chuid smaointe a athrú agus a bheachtú de réir mar a théann siad chun cinn.
- Pleanáil agus ullmhú do tháirgeadh an toraidh deiridh a dhéanamh a fhoireann don am atá ar fáil.
- Toradh a tháirgeadh a léiríonn do chuid cuspóirí.
- An obair ullmhúcháin chomhlánaithe agus an toradh agat a chur i láthair i modh cuí.
- Luacháil ghairid scríofa den fhreagairt phearsanta agat a chomhlánú. (Uasmhéid 300 focal)
- An obair seo a chur ar fáil le haghaidh marcáil agus modhnóireachta nuair a iarrann do lárionad ort é a dhéanamh.

TÉAMA: Sealadach

Ceann de na gnéithe atá ag baint leis an ealaín, an cheardaíocht agus an dearadh ná an cumas taifead buan a chruthú de mheandar sealadach nó eachtra luaineach. Tá an dúspéis ag ealaíontóirí agus ag dearthóirí in athruithe thar am, bíodh sin i bhfoirm na n-imeachtaí nádúrtha, teicneolaíochtaí atá ag athrú nó athruithe ar an tsochaí. Is minic a bhaineann ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí athúsáid as réada agus ábhair ar dhóigh úr agus a chruthaíonn saothair a athraíonn thar am nó ar féidir iad a athchumrú. Imíonn stíleanna as faisean agus tagann siad ar ais i bhfoirm eile.

Ar na sainmhínithe ar shealadach tá:

- Rud a mhaireann, atá ann nó atá éifeachtach go ceann tréimhse theoranta ama; neamhbhuan
- Gairid, gearrshaolach, meandrach, luaineach, fánach, neamhbhuan

Fiosraigh saothar ealaíontóirí, ceardaithe nó dearthóirí ábhartha le hinspioráid a thabhairt do do chuid fiosrúchán agus smaointe agus iad a fhorbairt nó le treoir le haghaidh dearadh de do chuid féin a chruthú. Is féidir leat na heiseamláirí seo a leanas a úsáid mar thúsphointe nó do rogha féin de chleachtóirí ábhartha a fhiosrú.

Is féidir leat inspioráid a bhaint as an speisialtóireacht atá á staidéar agat nó ó aon chuid eile den pháipéar.

Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar

Bíonn ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí ag táirgeadh saothair a thaifeadann an dóigh a n-athraíonn an t-ábhar céanna thar am. Is féidir seo a dhéanamh trí éifeachtaí athraitheacha na haimsire, na haoise, an chreimthe, na tionsclaíochta, an t-am den lá nó an nua-aoisiú. Is minic a bhíodh péintéirí **Impriseanaíocha** ag péinteáil taobh amuigh *en plein air*, le héifeachtaí sealadacha sholas na gréine a cheapadh trí bheith ag obair go gasta. Na sraithphictiúir a rinne **Claude Monet** leithéidí ***Rouen Cathedral*** agus ***Haystacks***, déanann siad taifead ar éifeachtaí sealadacha an tsolais agus na haimsire.

Is féidir leis an tsaothar ealaíne féin a bheith sealadach fosta nó ábhair a úsáid a athraíonn nó a dhíghrádaíonn. Is é atá in ***Cloud Lamp*** nó ***Smart Cloud*** le **Richard Clarkson** ná córas idirghníomhach de shoilse agus de challairí a úsáideann braiteoirí le seónna toirní agus tintrí a chruthú. Na ceirmigh dhealbhóireachta le **Rita Duckworth** amhail ***Clouds Over Lake Michigan*** léiríonn siad patrúin athraitheacha an dúlra. In ***Findings on Ice*** le **Spike Dennis**, cuirtear ciúbanna oighir atá crosfhite le scannán d'fhoirm atá ag leá agus ag athreo.

Tá íomhánna buana cruthaithe ag a lán ealaíontóirí de chéimeanna sealadacha na gluaiseachta. Bhí ealaíontóirí an **Todhchaíochais** faoi thionchar na cronai-ghrianghrafadóireachta (airgthe ag **Étienne-Jules Marey**), a reoigh gluaiseachtaí i seicheamh frámaí. In ***Nude Descending a Staircase*** le **Marcel Duchamp**, tá íomhánna forluiteacha de dhuine ag gluaiseacht ann leis an ábhar a thaispeáint agus é ag bogadh. Faoi thionchar forbairtí sa ghrianghrafadóireacht, thaifead **Edgar Degas** damhsóirí agus capaill rásaíochta reoite ina ngluaiseacht. In ***Bird in Space*** le **Constantin Brancusi**, taifeadtar éan san aer i bhfoirm theibí dhealbhach. Na grianghraif in ***Ornitographies*** le **Xavi Bou**, cuireann siad seicheamh d'éanlaith ag eitilt le chéile i bhfráma amháin.

Is féidir leis an tsaothar ealaíne féin a bheith sealadach. Cuimsíonn **Land Art** ealaín a rinneadh sa tírdhreach nádúrtha agus a thaifeadtar le grianghrafadóireacht, amhail saothar suíomh-shainiúil **Andy Goldsworthy**. Bhain **Robert Smithson** úsáid as trealamh meicniúil leis an tírdhreach a athmhúnlú. Is é atá i saothar **Richard Long** ná taifead ar a chuid siúlóidí i ngrianghraif, saothair théacsúla, dealbhóireacht nó suiteáil. Cruthaíonn **Phoebe Cummings** dealbha lámhdhéanta de chré amh, atá deartha le meathlú agus le himeacht as. Cruthaíonn **Brendan Jamison** dealbha ar stíl ailtireachta ón chéir nó ó bhloic de chiúbanna siúcra.

Baineann dealbhóirí ar nós **John Grade** agus **Shane Donaldson** úsáid as grianghrafadóireacht agus físeanna imeacht ama le taifead buan a chruthú den phróiseas shealadach de na dealbha a thógáil.

Baineann pictiúir **Memento Mori** úsáid as siombailí ar nós cloigne, cloig, gloiní leagtha, torthaí nó bláthanna lofa lena chur i gcuimhne dúinn go bhfuil saol an duine sealadach. Tá leaganacha péinteáilte den ***Last Judgement*** ag ealaíontóirí ar nós **Michelangelo Buonarroti** agus **Hieronymus Bosch**. Is minic a dhéantaí **maisc mhairbh** mar mhúnla go díreach ó aghaidh an duine mhairbh, mar chuimhneachán buan nó ionas go bhféadfaí portráid a dhéanamh. Chruthaigh **Tracey Emin** ***Death Mask*** dá cuid féin, mar thagairt don traidisiún seo. I saothar **Alison Lowry** le gloine, fiosraítear sobhristeacht an tsaoil.

Cruthaíonn **Dearadh Modúlach** córais nó struchtúir inar féidir na codanna a athchumrú ar na mílte dóigheanna, rud a chruthaíonn foirmeacha sealadacha. Sampla amháin an **Lego** ach is féidir sin a úsáid ar an dóigh chéanna le troscán agus ailtireacht. Is é atá in ***Fosun Foundation*** le **Foster and Partners** agus **Heatherwick Studios**, foirgneamh ina bhfuil trí chiseal ghluaisteacha, fhorluiteacha a athraíonn cosúlacht an fhoirgnimh an t-am ar fad. Is é atá in ***Shades*** le **Robert Rauschenberg** ná 6 liteagraf priontáilte ar phleicseaghloine; tá an chéad cheann suite go buan, is féidir na cinn eile ar a chúl a athchóiriú. Bíonn dealbha coimisiúnaithe ó ealaíontóirí atá clúiteach ar fud an domhain le feiceáil ar bhonn sealadach ar ***The Fourth Plinth*** in Trafalgar Square i Londain.

Mar gheall ar **Pop Design**, bhí dearaí sealadacha, indiúscartha ann le troscán, amhail an ***Blow Chair*** inséidte le **Paolo Lomazzi**, **Donato D'Urbino** agus **Jonathan De Pas**. An ***Chair Thing*** agus ***The Souper Dress*** le **Peter Murdoch**, rinneadh de pháipéar priontáilte iad. Chruthaigh **Richard Hamilton** dhá leagan dá cholláis, ***Just what is it that makes today's homes so different, so appealing?***, ceann amháin in 1956 agus ceann in 1992, lena thaispeáint an dóigh ar athraigh stíleanna maireachtála le linn na tréimhse sin.

Amharcann cultúr nua-aoiseach an tomhaltóra ar earraí mar shealadach, indiúscartha. Bíonn a lán dearthóirí nua-aoiseacha ag athchúrsáil nó ag athfheidhmiú ábhar mar gheall ar fheasacht ar an timpeallacht. Cruthaíonn **Francesca Vitali** ó **Frucci Design** seodra ó pháipéir fhaighte ar nós léarscáileanna, irisleabhair agus málaí siopadóireachta. Déanann an tsraith lemitcA le **Sam Tho Duong** seodra agus earraí dealbhóireachta de shoithí plaistigh iógairt. An lipéad ***Belfast Puncture*** le **Charlotte Bosanquet**, cruthaíonn sé sparáin, málaí, criosanna agus púitsí ó fheadáin inmheánacha phollta ó bhoinn rothair.

Bíonn stíleanna sealadach agus athraíonn cultúir thar am. Nochtann déantáin nó saothair ealaíne an dóigh a raibh an saol i bhfad ó shin. Athraíonn an t-am struchtúir ársa ionas nach bhfeictear iad a thuilleadh an dóigh a raibh an t-ealaíontóirí ag iarraidh go bhfeicfí iad. Na fríosanna den **Parthenon**, bhí siad clúdaithe le péint gheal nuair a rinneadh iad. Baineadh na dealbha ***Elgin Marbles*** den Parthenon agus tá siad ar taispeáint anois i Músaem na Breataine i Londain. Fionnachtana eolaíocha ar nós x-ghathanna, ligeann siad dúinn a fheiceáil an dóigh ar athraigh ealaíontóirí cumadóireacht i leaganacha níos luaithe de phictiúir. **The Basilica of San Clemente** sa Róimh, tá stíleanna stairiúla difriúla de stíl na hailtireachta le chéile ann, agus meastar go bhfuil cisil den struchtúr faoin talamh chomh sean le c. 70 AD.

Bíonn an ealaín, an cheardaíocht agus an dearadh ag ceiliúradh ócáidí suntasacha stairiúla agus sóisialta, agus ar an dóigh sin, cruthaíonn siad cuimhneacháin bhuana d'eachtraí sealadacha. Bíonn **Alison-Jayne Couture** ag dearadh gúnaí pósta. Phéinteáil **Paolo Veronese** ***The Wedding Feast at Cana***. Phéinteáil **Jacques-Louis David** ***The Coronation of Napoleon***. Bhí sé de nós ag daoine ***Cassone*** nó cófra pósta a thabhairt do mhná ar lá a bpósta ó na Meánaoiseanna Malla ar aghaidh. I ***File Room*** tógann **Dyanita Singh** grianghraif de chartlanna páipéir san India ina bhfuil taifead ar gach rud: breitheanna, básanna, póstaí agus cánacha. Dhear **Eric Gill** ***Oscar Wilde's Tomb*** i Reilig Père Lachaise, Páras.

Grianghrafadóireacht agus Meáin Lionsa-Bhunaithe

Is féidir le grianghrafadóirí meandar sealadach a ghabháil in íomhá amháin. Is féidir leo a thaispeáint an dóigh a n-athraíonn daoine, áiteanna nó rudaí thar am, nó íomhánna a chruthú mar chuimhneachán buan do rud éigin nach bhfuil ann a thuilleadh. In ***Memorabilia*** le **Gábor Arion Kudász**, déanann sé catalógú ar eastát a mháthar i ndiaidh a báis agus cruthaíonn sé taifead buan dá saol.

Bíonn fóta-iriseoirí ag úsáid íomhánna socra nó gluaiste le scéal nuachta a insint, le teagmhas sealadach a dhoiciméadú go buan. Labhraíodh **Henri Cartier-Bresson** ar chumas na grianghrafadóireachta *"meandar na cinniúna"* (*"the decisive moment"*) a cheapadh.

An scannán ***Still Life*** le **Sam Taylor-Johnson**, taifeadann sé babhla torthaí ag lobhadh. Chuirfeadh sé péintéireacht neamhbheo chlasaiceach i gcuimhne duit agus fiosraíonn sé saincheisteanna na háilleachta sealadaí agus na mortlaíochta.

Metamorphosis le **Santtu Mustonen** agus **Hisham Akira Bharoocha**, tógann sé inspioráid ó mheandair shealadacha sa dúlra ar nós solas ag athrú, sócháin agus dul chun cinn an chine dhaonna. In íomhánna **Stephen Wilkes**, cuirtear le chéile suas le 100 grianghraf socair in aon íomhá amháin, a léiríonn tírdhreacha agus iad ag athrú ó lá go hoíche.

Go mall sa 19ú haois, chuir grianghraif **Eadweard Muybridge** go mór leis an tuiscint atá againn ar an dóigh a mbogann daoine agus ainmhithe trí chéimeanna sealadacha gluaisne a thaifeadadh. Bhain **Hiraki Sawa** úsáid as cuid de na figiúirí a rinne **Muybridge** ina scannán beoite ***Migration***. Na grianghraif theibí 'neamhbheo' a rinne **Marcel Christ**, déanann siad gluaiseacht shealadach líocha daite in uisce a reo go buan.

Tá nádúr sealadach na cuimhne fiosraithe ag grianghrafadóirí. An tsraith ***Photo Album*** le **Chino Otsuka**, atáirgeann sí leathanaigh ó albaim ghrianghraf a bhfuil na grianghraif bainte díobh, rud a chruthaíonn íomhánna agus cuimhní nua. Na híomhánna ***Complete and Utter Happiness*** le **Jacqueline Douglas**, díríonn siad ar an ghaol idir grianghrafadóireacht agus cuimhne phearsanta agus phoiblí.

Tá taifead déanta ag grianghrafadóirí ar an dóigh a dtig le coinníollacha maireachtála a bheith sealadach. Athraíonn siad de thoradh tubaistí nádúrtha, imirce nó athruithe ar stádas sóisialta. I ndiaidh Hairicín Katrina in New Orleans, rinne **Stan Strembicki** grianghraif de leabhair, albaim phósta agus grianghraif a d'fhág daoine ina ndiaidh i dtithe scriosta, mar shiombail ar an méid a bhí caillte ag na húinéirí. An tsraith ***Other People's Homes*** le **Jim McKeever**, déanann sí doiciméadú ar áiteanna cónaithe sealadacha na n-imirceach eacnamaíoch san India.

Tá an dóigh a bhfuil an chosúlacht air go mbuanófar éifeachtaí athrú na haeráide agus go leanfar a dhéanamh slad ar shaol an dúlra fiosraithe ag grianghrafadóirí. Na híomhánna **Genesis** le ***Sebastião Salgado***, taifeadann siad cuid de na háiteanna neamh-mhillte atá go fóill fágtha ar domhan do na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh. Sna grianghraif ***Inherit the Dust*** le **Nick Brandt**, tá priontaí ar mhéid nádúrtha d'ainmhithe ann. Tá siad seo curtha isteach ar na gnáthóga a bhíodh acu, áiteanna atá anois ina láithreáin bhruscair, ina mbóithre nó ina lonnaíochtaí.

Dearadh Trí-Thoiseach

Tá ábhair úsáidte ag dearthóirí agus ag ceardaithe atá sealadach, nó a bhfuil an chosúlacht orthu go bhfuil siad i staid athraithe. Déanann **Julie Connellan** fáinní atá déanta de mhóin a thiteann as a chéile thar am. An raon ***Nomad Patterns*** le **Livia Marin**, tá réada a bhfuil an chosúlacht orthu go bhfuil siad ag leá. An tsraith soithí ***Erosion*** le **Gráinne Watts**, fiosraíonn siad éifeachtaí gaoithe agus uisce thar am ar chnámha, ar chlocha agus ar shliogáin a fhaightear ar an chladach.

Is féidir foirmeacha sealadacha a bheith ar réada feidhmeacha, athraithe trí athchumrú nó úsáid ábhar atá solúbtha. Na soilse ***Wooden Textile*** le **Elisa Strozyk**, meascann siad adhmad le teicstílí le foirmeacha solúbtha a chruthú. An bailiúchán ***Totem*** le **en&is**, is é atá ann ná sraith de shoithí feidhmeacha ar féidir iad a stacáil ar dhóigheanna difriúla le réad dealbhach ar nós vása a fhoirmiú. An tábla ***Pie Chart System*** le **Hierve Studio**, ligeann sé don úinéir na ranna difriúla a athchumrú le píosa nua troscáin a chruthú. Is féidir an lampa **inMOOV** a fhilleadh isteach nó amach le foirmeacha nua a chruthú agus treo agus déine an tsolais a athrú.

Tá fiosrú déanta ag a lán dearthóirí ar dhóigheanna le hábhair a athchúrsáil le tabhairt faoi shaincheisteanna dramhaíola agus olltomhaltais. Tháinig **Green Design** chun cinn go mór sna 1980idí. Tá ***Paper Water Bottle*** déanta de bhlaosc laín páipéir atá inmhúirínithe, le tabhairt faoi fhadhb na mbuidéal plaisteach neamh-indíghrádaithe. Baineann seodra inbhuanaithe **Emma Ware** úsáid as ábhair fhaighte ar nós leathair, rubair, slabhraí agus miotail. Baineann **Freitag** athúsáid as tarpóil ó leoraithe lastais le málaí, sparáin agus málaí droma a chruthú. Tá suíocháin cruthaithe ag **Frank Gehry** agus **Domingos Tótora** as cairtchlár.

Tá réitigh ar fhadhb na n-áiteanna cónaithe sealadacha cruthaithe ag dearthóirí fosta. Is foscadáin do dhaoine gan dídean iad ***Cardborigami*** le **Tina Hovsepian** agus ***Folding Bamboo Houses*** le **Ming Ting**. Tá ionad deartha ag **Foster and Partners** le lóistín a thabhairt d'oilithrigh agus iad ar a dturas bliantúil chuig Meice. Dhear **Buckminster Fuller** cruinneacháin gheodasacha le foscadáin shaora a chruthú do chuid mhór daoine. Choimisiúnaigh Alfred Heineken **John Habraken** le World Bottles (***WOBO***) a dhearadh a dtiocfaí iad a úsáid mar bhrící do thithíocht fhréamhshamhlacha a úsáid do thíortha sa Tríú Domhan.

Na hataí agus ceannbhearta le **Laura Kinsella**, ceileann agus nochtann siad an aghaidh go sealadach, rud a athraíonn cosúlacht an duine atá á gcaitheamh. Is clogad rothaíochta an **Hövding** a líontar le gás go tobann leis an rothaí a chosaint má bhíonn taisme ann. Tá níos mó ná úsáid amháin le táirgí **Trunki**. Is féidir a gcásanna taistil a úsáid fosta mar fheithiclí le páistí óga a tharraingt trí aerfoirt agus is féidir lena ***Boostapaks*** claochlú ó mhálaí droma do pháistí go suíocháin ardaithe linbh. An **Oru Kayak**, is féidir é a fhilleadh i gcás iniompartha le stóráil nó le hiompar ar iompar poiblí agus é a ath-thógáil i níos lú ná 5 nóiméad.

Teicstílí

Sa treocht don 'fhaisean ghasta', amharctar ar éadaí mar rudaí saora, sealadacha, indiúscartha, rudaí atá le caitheamh ar shiúl de réir mar a thagann faisin nua chun cinn. Tá saincheisteanna na dramhaíola fiosraithe ag ealaíontóirí agus ag dearthóirí faisin agus teicstílí tríd an athúsáid a bhaineann siad as ábhair. An ***Visible Mending Programme*** le **Tom van Deijnen (Tom of Holland)**, tagann sé ón spéis atá aige san inbhuanaitheacht agus sa deisiú. An cnuasach ***Riedizioni*** le **Luisa Cevese**, is líne teicstílí agus táirgí é atá déanta de dhramhaíl thionsclaíoch teicstílí agus polúireatán. Is líne éadaí athchruthaithe ***Artisanal*** le **Maison Margiela** ina ndéantar éadaí, fabraicí agus earraí atá ann cheana a athshaothrú le héadaí nua a dhéanamh. Bíonn **Laura Anne Marsden** ag athrú málaí plaistigh ina lása le seodra agus rudaí eile a chruthú.

Is féidir le cosúlacht fabraice a bheith sealadach. Is féidir léi athrú mar fhreagairt ar spreagadh seachtrach. Baineann **teicstílí cliste** úsáid as comhpháirteanna leabaithe digiteacha nó leictreonacha agus is féidir leo freagairt don tsolas nó don teas. Is féidir fabraicí in-bhithinmhillte a dhéanamh ó fhoinsí mar bheacáin. Cuireann ***Solidwool*** olann caorach le chéile le bithroisín le táirgí a chruthú don taobh istigh.

Is féidir le healaíontóirí teicstílí freagairt d'eispéiris shealadacha ar nós brionglóidí nó cuimhní. Is é is inspioráid do shaothar **Julia Triston** le fabraicí seanré agus athshlánaithe ná na cuimhne atá á gcoinneáil iontu. An obair teicstílí meáin mheasctha ó **Beverly Ayling-Smith**, fiosraíonn sí an dóigh ar féidir éadach a bheith ar maos le mothúcháin, amhail na cinn atá ceangailte le brón, caillteanas agus neamhláithreacht. Is pictiúir fuaite iad ***The Dreams*** le J**ames Gladwell**, bunaithe ar na cuimhní atá aige ar bhrionglóidí.

Tá faisin sealadach agus athraíonn stíleanna agus tagann siad ar ais i bhfoirmeacha úra. Go stairiúil, rinneadh éadaí le fad a bhaint astu agus a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin. An feachtas ***'Make Do and Mend'*** sa Dara Cogadh Domhanda, mhol sé do dhaoine fad a bhaint as a gcuid éadaí i dtréimhse ciondála. Is féidir éadaí cosúlacht an duine atá á gcaitheamh a athrú faoi choinne róil nó ócáid speisialta. Tá teicníc thraidisiúnta an trasghreama tógtha ag **David Lieske** agus tá sé úsáidte aige le híomhánna a chruthú atá bunaithe ar chultúr an Hip Hop agus an ghraifítí.

Tá a gcuid saothair úsáidte ag ealaíontóirí teicstílí le próiseas an athraithe fhisicigh a thaifeadadh. In ***The Dementia Darnings*** le **Jenni Dutton**, léirítear an t-athrú a tháinig ar chosúlacht a máthar thar am, agus na greamanna ag éirí níos fíneáilte agus níos achrannaí agus a cuid néaltraithe ag dul in olcas. Na saothair theicstílí meáin mheasctha le **Debbie Lyddon**, díríonn siad ar an athrú leanúnach a tharlaíonn i dtimpeallacht ar an chósta.

Tá dearaí cruthaithe ag dearthóirí faisin a athraíonn ó fhoirm shealadach amháin go ceann eile. Sa tionscadal ***Wonderland*** le **Helen Storey**, bhí ***Disappearing Dresses*** a imíonn as radharc in uisce. Is é inspioráid a ***Dress of Glass and Flame*** ná airíonna na gloine, a ligeann di bogadh agus athrú nuair a théitear í. An cnuasach ***AW13*** le **Hussein Chalayan**, taispeánann sé sraith gúnaí a d'athraigh mar gheall ar theicneolaíocht ionsuite. Is tacar d'oiriúintí inchaite iad ***Veasyble***, deartha ag **GAIA**, ar féidir iad a athrú ina bhfoirmeacha nua a fhilleann thart ar an chaiteoir le mothú den phríobháideacht a chruthú.

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.